

Clú nach caithtear clú Muire

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 87]

1 Clú nach caithtear clú Muire,  
clú ris nach cneasda righe,  
clú as mhó iná clú na cruinne,  
clú Muire as só 's as sine.

2 Inghean Anna an ógh fhaoilidh  
do ceapadh i gcló crábhaidh;  
a clú do chora is dá riaghail  
cú fiadhaigh fhola hÁdhaimh.

3 Fuaras teisd 'n-a teisd fholaigh  
an teisd gach tír nar shiobhail,  
géis gheal nach dóigh deighfhir,  
bean leinibh 'n-a hóigh iodhain.

4 Bean darbh fhear dála an Dúileamh,  
bean ar mbáirce do sheoladh,  
nír chuir sí ar síodh a shíneadh,  
ríbhean í re díol ndeoradh.

5 Bean na gciabh bhfada bhfionnchas  
triath na dtriath aice i bhfoilcheas;  
coir ar sean is í cheilfeas  
seingchneas geal na dtrí dtoirrcneas.

6 Muire an deor fhíorghlan aille  
rer sgaoileadh ceo don chruinne  
fóirfidh soin cás a cloinne;  
moille grás ní fhoil uirre.

7 Luibh dhíona na sé seanshluaigh  
d'aoinfhréimh [ónna] ní horlámh;  
do gheabh re díon a deibhléan  
bean sheingmhéar is cíogh gcorrbhán.

8 Bean na rosg mallghlas málla,  
maighdean nach mol ar n-éara,  
ar gcnú croidhe, ar gcor síodha,  
tor díona fhoile hÉabha.

9 Bean le rugadh rí nimhe,  
bhíos go hullamh far n-eire,  
bean do fhóir ar an uile,  
Muire ní meadh d'óig eile.

10 Bean leasa dhúin do dhéanaimh,  
cara cúirte gach aoinfhir,  
cuirthear lé a fhíoch fa fhiadhail  
iadhaigh síoth Dé le daoineibh.

11 Bean chiuin re déanamh deaghrúin,  
súd nar éasgaidh 'n-a hiomráidh,  
corp saor gun óigh ar ainmhéin,  
craobh ghlainréidh 'n-a hóigh iomláin.

12 Ógh mhín d'uaislibh na healbha  
is í as uaisle is as ullmha;  
síon na ngrás dá taobh tarla,  
craobh abhla ór fhás an umhla.

13 Muire réalta eoil Ádhaimh  
a tréad 'n-a deoigh do dhíriugh;  
rug dá thrí as-teagh do shluaghaibh  
bean ualaigh í dár-íribh.

14 Gnúis ghlan ar léir na lile  
nar ghlac béas na mban oile;  
bean mar tá riamh ní raibhe  
gan aire ar mhian mná oile.

15 Buime chíogh ríogh an ríchigh  
díon a gaoil uirre d'fhiachaibh;  
'n-a bruinne do bhí ar mbráthair,  
máthair do [na] trí triathaibh.

16 Muire ógh éan an turaidh  
do-chóidh í [gcléith] a cinidh;  
an ré um nóin a séad samhail,  
géag tharaidh d'óigh dob infhir.

17 Feadh síodha na sé líne  
is céim ríoghna do-róine;  
dá cloinn [ní] ní nach naoidhe  
naoidhe nar bhoing í a hóghe.

18 Bean súd go dtréidhibh triathmhna  
is cnú don fhréimhse an ríochnú;  
mar mhnaoi an uair do bhí bláithbheo  
gan smáilcheo fuair sí síorchlú. Clú.